Lá, 13. Juni 2002

Eoraip na

Tá eagarthóir an nuachtáin Shlóivéanaigh, *Primorshi Dnevnik* agus Uac
aghaidhe ar an Eor

Is post onórach é Uachtarán an Bhiúró Eorpach um Theangacha Neamhfhorleathana (EBLUL) ach ní hionann sin is go ligeann Bojan Brezigar do na maidí imeacht le sruth.

A mhalairt ar fad atá fíor nó is duine gníomhach géarintinneach é a bhfuil cur amach aige ní amháin ar an taobh maorlathach den Aontas Eorpach ach a thuigeann na cúinsi a bhaineann le fás agus meath teanga.

Cainteoir dúchais Slóivéinise san lodáil is ea é, teanga a labhrann thart ar 70,000 duine sa tír sin, agus thosaigh sé a shaol oibre mar iriseoir.

"Rinne mé staidéar ar an eacnamaíocht ar an ollscoil ach ní raibh spéis agam inti agus chomh luath géar is ab fheidir liom thosaigh mé le Primorski Dnevnik."

Ón lá sin, ag tús na seachtóidí, lean sé leis an cheird agus tá sé anois ina phríomheagarthóir ar an nuachtán laethúil sin.

Tá baint ag Bojan le EBLUL le 20 bliain agus tá sé ina Uachtaráh le ceithre bliana anuas.

Ceann de na príomhcheisteanna atá ag déanamh tinnis don eagraiocht an dóigh a bhfuil an tAontas Eorpach ag fás agus na himpleachtai atá ann do na mionteangacha.

"Tá an Eoraip ag déanamh athmheasa ar a struchtúir agus ar a polasaithe agus ar ndóigh beidh tionchar acu sin ar theangacha na mór-roinne," arsa Bojan.

Luann sé Airteagal 22 de Chonradh Nice.

"Dhá bhliain ó shin ag Cruinniú Mullaigh Nice aontaíodh ar an phrionsabal gur chóir meas coiteann bheith ann don éagsúlacht teangacha, creidimh agus chultúrtha.

Ní rud é seo, a mhaíonn Bojan, a thrasnaíonn ceannas na náisiúnstát ná prionsabal na coimhdeachta, "ach cuireann sé ar chumas an AE déileáil linn agus tugann sé dínit do gach teanga."

Ag trácht ar Chonradh Nice deir sé gur mhaith leis go ndaingneofaí Poblacht na hÉireann an conradh an iarraidh seo.

"Tá fadhb ann ar an dóigh a dtuigeann muid cad atá i ndán dúinn.

"I bPoblacht na hÉireann thug

mé faoi deara go raibh na daoine

"Thug mé faoi deara go raibh bród Eorpach ann, go háirithe anois go bhfuil an euro ann."

Is é a bharúil, chomh maith, gur fusa áit na dteangacha agus an chultúir áitiúil a chosaint san Eoraip atá nios mó ná mar a bheadh siad i stát.

"Ceann de phrionsabail an AE nach é an aonchineálacht an sprioc - ba chóir go dtacódh an Eoraip leis an éagsúlacht."

Maíonn sé gur mór an difear idir an stát lárnach a rinne iarracht aon chultúr amháin a bhrú ar fud a chríoch agus an tAontas Eorpach a thugann tús áite don rud áitiúil cé go bhfuil eacnamaiocht lárnach mar sprioc eile aige.

Is fear é Bojan a bhfuil taithí mhaith ar Éirinn nó is minic anseo é ar ghnó an Bhiúró. Ábhar conspóideach, tamall beag ó shin, áfach, an socrú an oifig acu i mBaile Átha Cliath a dhruidim.

"Is breá liom bheith ábalta a chur in iúl go n-osclófar oifig i mBaile Átha Cliath aris go luath.

"Is oifig dhifriúil a bheidh ann in áit dhifriúil ach cuirfear tús leis go hiontach luath.

"Ní thig liom am a lua go fóill nó níor síníodh na conarthai fós."

Oifig eolais a bheidh ann agus beidh sí ag déileáil le teangacha na hEorpa agus an dóigh le hairgead Eorpach a fháil do thograí.

Gné eile de seo go n-amharcfaidh an oifig i mBaile Átha Cliath ar chomhoibriú trasteorann ar theangacha ar fud na hEorpa agus ceann de na chéad tionscnaimh a bheidh faoi scrúdú cur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Ar an téad chéanna, tá comhdháil ar na réigiúin beartaithe do thús 2004 i Schweslig-Holstein.

Conspóid eile faoin Bhiúró gur cuireadh ina leith go raibh athrú polasaí ann le blianta beaga anuas chun tús áite a thabhairt do theangacha cosúil leis an tSualainnis, ar teangacha mionlaigh iad i dtíortha áirithe (an Fhionlainn i gcás na Sualainnise, mar shampla) ach gur mórtheanga iad i dtír eile.

Mionteangacha ina dtíortha féin a bheadh thíos leis, ar ndóigh,

teangacha cosúil leis an Bhascais.

Bojan agus níos mó ná blas na feirge ar a ghlór.

"Daoine áirithe i réigiúin áirithe, atá ag iarraidh aird an Bhiúró a dhíriú ar. theanga faoi leith, atá taobh thiar den tuairim sin.

"Níl an Biúró dírithe ar theangacha áirithe, tacaíonn muid le gach teanga.

"Tá baill againn i ngach tír agus cuidíonn muid leo troid sa tír ina bhfuil siad.

"Íarrann muid ar an Eoraip polasaithe a thabhairt isteach a chomhlíonfaidh bunphrionsabail um chothú na heagsúlachta agus cearta cothroma a chur i bhfei-

> "Is é an baol is mó do mhionteanga go n-amharcfar uirthi mar rud cultúrtha agus ní mar rud cumarsáide"

dhm.

"Is féidir leis tacú le cásanna aonair nuair is gá agus nuair is cóir déileáil leo ar bhonn náisiúnta.

"Ach níl muid i gcoinne tir ar bith faoi leith."

Tá roinnt tograí beartaithe ag an Bhiúró sna am atá le teacht.

Ceann orthu an comhaontú a fuair siad le heagraithe Chluichí Oilimpeacha an Gheimhridh in Torino 2006 Ocatáinis, teanga a labhartar sa Fhrainc, sa Spáinn agus san lodáil, a bheith mar theanga oifigiúil an chomórtais.

"Ní teanga náisiúnta í sin," a deir sé ag tagairt don cheist a chuir mé air ní ba luaithe.

Is iad na meáin, oideachas agus reachtaíocht 111 tri ábhar is mó lena bpléann ai' búró agus mar chuid den obair sm, shocraigh sé portal a chur ar bun do na mionteangacha uile ina maadh bunachar sonraí eolais agus ina mbeadh doras comónta isteach ann do na naisc.

Togra ollmhór é seo ní amháin ó thaobh oibre de ach ó thaobh na teicneolaíochta de chomh maith.

Arís, níl na conarthaí sínithe go fóill ach deir Bojan go bhfuil súil

aige on tograbheitharlfine i

héagsúlachta

htarán ar an Bhiúró Eorpach um Theangacha Neamhfhorleathana, Bojan Brezigar, ag tabhairt a lip Nua. Labhair Ciarán Ó Pronntaieh leis.

nach bhfaigheann ach €800,000 in aghaidh na bliana agus a bhíonn ag brath ar an fhuíollach ó rialtais, údaráis áitiúla agus ó fhoinsí maoinithe eile.

Nuachtáin laethúla i dteangacha mionlaigh ceann de na rudaí is mó a gcuireann Bojan spéis iontu. Ach cén táb-hacht a bhaineann le nuachtán laethúil i gcomórtas le nuachtán seachtainiúil, dar leis?

"Difear bunúsach atá ann," arsa sé. "Cuireann nuachtán laethúil an nuacht ar fáil don teaghlach uile i dteanga atá beo, ar bhonn laethúil.

"Bíonn eolas **de dhíth** ar dhaoine, bíodh gur spórt, aimsir ná an eacnamaíocht atá i gceist - eolas a gheobhaidh daoine sa mhórtheanga muna bhfuil sé ar fáil sa mhionteanga."

Tá buntáistí eile ann. Cuidíonn sé le húsáid téarmaiochta nua agus déanann sé modh cumarsáide den mhionteanga in ionad í a bheith ann mar "rud cultúrtha".

"Is é an baol is mó do mhionteanga go n-amharcfar uirthi mar rud cultúrtha agus ní mar rud cumarsáide.

"Má tharlaíonn sin, tá baol ann nach n-úsáidfear í sa siopa, sa gharáiste nó in oifig an phoist, agus nach n-úsáidfear í ach i gcumainn na teanga, ag ócáidí cultúrtha, san fhilíocht nó sa litríocht.

"Nuair nach n-úsáideann an gnáthdhuine í, imeoidh sí."

Tá difear idir an nuachtán laethúil agus raidió agus teilifís.

"Leis an raidió agus teilifís, níl ann ach éisteacht. Leis an nuachtán, úsáidtear scileanna scríbhneoireachta agus léimh."

1 gcás cuid mhaith mionteangacha sa lá atá inniu ann, go háirithe iad siúd nach bhfuil cabhair stáit acu, is minic go dtuigeann go leor daoine an teanga agus gur féidir leo giota cainte a dhéanamh ach is tearc duine atá in ann léamh agus is lú arís an líon at'á in ann scriobh.

"Ní féidir leo an rud atá ráite sa bhaile a cheangal leis an fhocal scríofa."

Tugann sé an sampla de lucht duganna Londan ag iarraidh an chanúint s'acu a scriobh síos.

Leath-theanga a thugann sé ar theanga nach bhfuil an rud scriofa in úsáid mar mhodh cumarsáide.



Deir sé gur 'sean-nuacht' atá ar fáil i nuachtán seachtainiúil: "Ní féidir leis tuairisc a dhéanamh ar an rud a tharla - níl ann ach tuairimíocht.

"Ní bhainfidh tú amach ach na daoine a mbeadh suim acu sa chineál sin nuachta.

"Tá nuachtán laethúil de dhíth ar gach duine, fiú muna mbíonn i gceist acu ach fáil amach cá htíair a bheidh sochraid ann nó cá huair a bheidh na siopaí druidte.

"Is bunriachtanais iad siúd agus úsáidtear teanga chun iad a chur i gcrich.

"Muna bhfuil nuachtán laethúil ar fáil sa mhionteanga, déanfar iad sa mhórtheanga."

Maidir leis na meáin eile, an teilifís go háirithe, aithnionn sé go bhfuil ábhar buartha ann le cinneadh an Choimisiúin gan li'gean do Rialtas na Catalóine maóihiú a chur ar fáil do theilifís Chatalóinise, de thairbhe gur sháraigh sé na rialacha faoin mhargadh saor.

Tá an idirbheartaiocht ag dul ar aghaidh faoi láthair ach tá súil aige go dtiocfaidh an dá thaobh ar réiteach nach bhfágfaidh an Chatalóinis thíos leis.

Ní shíleann sé, áfach, go mbainfidh an rialú seo leis na nuachtáin laethúla i mionteanga.

"Faigheann an chuid is mó acu maoiniú stáit - ní bheadh ach beirt nó tríur ar marthain gan é."